

## An Áis Phleanála Churaclaim a úsáid Treoracha céim ar chéim

Dearadh an áis seo chun gur féidir le múinteoirí cuspóirí ábhair agus na scileanna a chuardach agus a fháil i gCuraclam na nBunscoile agus i dTreoirínte do mhúinteoirí daltaí faoi míchumais ghinearálta foghlama. Agus na cuspóirí atá uathu aimsithe ag múinteoirí, beidh sé furasta orthu ansin iad a chuimsiú ina gcuid nótaí pleanála agus pleananna gearrthéarmacha nó foramharc bliantúil a chruthú.

Sna seacht gcéim thíos feicfear conas mar is féidir an áis a úsáid chun plean gearrthéarmach a dhéanamh. Sa sampla thíos, ligfimid orainn gur rang ilghrád de Naíonáin Shinsearacha agus de Rang a hAon atá á mhúineadh agat, agus go dteastaíonn uait plean gearrthéarmach Tíreolaíochta agus Eolaíochta a chur le chéile.

1. Téigh go [www.nccaplanning.ie](http://www.nccaplanning.ie) agus cliceáil ar an nasc nó ar an bpictiúr chun tosú ag obair leis an áis phleanála. Sa chéad scáileán, feicfidh tú ceithre bhosca ar an scáileán agus na teidil Ranganna, Ábhair, Snáitheanna, Snáithaonaid orthu. Ag an bpointe seo tá na boscaí a ghabhann leo folamh toisc nach bhfuil aon rogha déanta again.
2. I Roghnaigh Naíonáin Shinsearacha agus Rang a hAon sa bhosca Ranganna agus Tíreolaíocht agus Eolaíocht sa bhosca Ábhair. Chun níos mó ná rogha amháin a dhéanamh as liosta ar bith, coimeád do mhéar ar an eochair CTRL agus cliceáil leis an luchóg. Agus do Rang(anna) agus an tÁbhar/na hÁbhair roghnaithe agat, beidh na Snáitheanna agus na Snáithaonaid chúil le feiceáil. Sa sampla seo, táimid chun na snáitheanna *Dúile Beo* agus *Feasacht agus cúram imshaoil* a roghnú san Eolaíocht agus *Imshaoil nádúrtha* sa Tíreolaíocht.

Roghnaigh thíos. (Le níos mó ná ceann amháin a roghnú, coinnigh do mhéar ar an eochair CTRL agus cliceáil leis an luchóg)			
Ranganna	Ábhair	Snáitheanna	Snáithaonaid
Naíonáin shóisearacha	English	Imshaoil dhaonna	An t-imshaoil nádúrtha áitiúil
Naíonáin shinsearacha	Gaeilge T2	Imshaoil nádúrtha	An aimsir
Rang a haon	Gaeilge T1	Feasacht agus cúram imshanil	Pláinéad an Domhain sa spás
Rang a dó	Matamaitic	Dúile beo	Mise
Rang a trí	Stair	Fuinneamh agus fórsaí	Plandaí agus ainmhithe
Rang a ceathair	Tíreolaíocht	Ábhair	Cúram díom féin agus de mo thimpeallacht
	Eolaíocht	Feasacht agus cúram imshaoil	Cúram de mo thimpeallacht

3. Taispeántar ansin na snáithaonaid sna snáitheanna sin. Cliceáil ar na snáithaonaid ar mian leat pleanáil a dhéanamh maidir leo agus beidh na cuspóirí ábhair lena mbaineann le feiceáil sa bhosca ag bun an scáileáin, ar chlé.

Cuspóirí ábhair

☰ : Naíonáin shóisearacha, Naíonáin shinsearacha > Tíreolaíocht > Imshaoil nádúrtha > An t-imshaoil nádúrtha áitiúil (4 Items)

éirí feasach ar roinnt gnéithe d'imshaoil nádúrtha i ngarthimpeallacht na scoile, iad a iniúchadh agus a phlé

uisce san imshaoil áitiúil a bhreathnú, a phlé agus a imscrúdú

ábhair nádúrtha ógaúla san imshaoil áitiúil a bhreathnú, a bhailiú agus a imscrúdú

torthaí a c(h)uid eispéiris agus a chuid breathnóireachta a chláru agus a chur in iúl agus feidhm á baint as caint agus as pictiúir

☰ : Rang a haon, Rang a dó > Eólaíocht > Feasacht agus cúram imshaoil > Cúram de mo thimpeallacht (9 Items)

gnéithe nádúrtha agus daonna an imshaoil áitiúil a aithint, a phlé agus a léirthiscint

na dúille beo i raon de ghnáthóga sa hinshaoil áitiúla agus in imshaoil níos faide ó baile a thabhairt faoi deara agus feasacht uirthu a fhorbairt

na consúlachtaí agus na difríochtaí sa fhlóra agus san fhána i ngnáthóga áitiúla difriúla a thabhairt faoi deara

feasacht a fhorbairt go bhfuil aer, uisce agus dúille beo agus neamhbheo riachtanach don imshaoil

tosú ar a aithint gur ar scáth a chéile a mhaireann daoine, ainmhithe agus plandaí

Cuardach: Foca/focail á lorg

Cóipcheart NCCA, 2010. Gach ceart ar cossaint. Deartha ag [Dialógue](#) Cuir leis an bplean

- Má tá samplaí breise i gcló iodálach ag gabháil le cuspóir sa churaclam, is féidir an t-eolas sin a fheiceáil ach cliceáil ar an gcnaipe beag . Ansin socraigh cé hiad na cuspóirí ar mhaith leat a chur sa phlean, cliceáil orthu chun iad a roghnú, agus cliceáil ar an gcnaipe beag **Cuir leis an bplean**. Cuirtear na cuspóirí isteach sa bhosca **Mo rogha** ar thaobh na láimhe deise den scáileán.
- Mar fheidhm bhreise, is féidir leat freisin scileanna san Eolaíocht agus sa Tíreolaíocht a roghnú le cur sa phlean. Chun é sin a dhéanamh cliceáil ar an beag in aice ainm an ábhair. Nuair a osclófar an liosta i bhfuinneog bheag nua, féach orthu ar fad, cliceáil orthu siúd ar mhaith leat a chur sa phlean chun iad a roghnú agus cliceáil ar **Cuir leis an bplean**. Nuair a bhíonn tú réidh cliceáil ar **Lean ar aghaidh**, dúnfar an fhuinneog sin beidh na scileanna a roghnaigh tú sa dara bhosca ar thaobh na láimhe deise den scáileán.

Eolas breise ag gabháil leis an ábhar: scileanna/coincheapa/gnéithe/feidhmeanna teanga

Scileanna/coincheapa/gnéithe/feidhmeanna teanga

☰ : Naíonáin shóisearacha, Naíonáin shinsearacha > Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha > Ag úsáid léirithe d'áiteanna (3 Items)

tagairt a dhéanamh do líníochtaí simplí de cheantair nó iad a úsáid an baile agus a gharthimpeallacht

an seomra ranga, an scoil agus an clós

áiteanna eile agus ceantair shamhlaithe

mionsamhlacha d'fhoirgnimh a dhéanamh de bhríicí, de Lego agus d'ábhair shúgartha eile

éirí feasach ar chruinneoga mar mhionsamhlacha den Domhan

☰ : Naíonáin shóisearacha, Naíonáin shinsearacha > Scileanna imscrúdaithe tíreolaíochta > Ag anailísiú (1 Item)

nithe a shórtáil agus a rangú de réir gnéithe inbhreathnaithe carraigeacha, púróga, láib i sampla ithreach

☰ : Naíonáin shóisearacha, Naíonáin shinsearacha > Scileanna imscrúdaithe tíreolaíochta > Ag breathnú (1 Item)

ceisteanna a chur faoi ghnéithe nádúrtha agus daonna sa gharthimpeallacht Cé a chónaíonn san áit seo?

Cuir leis an bplean

Sonraí roghnaithe

Scileanna/coincheapa/gnéithe/feidhmeanna teanga

☰ : Naíonáin shóisearacha, Naíonáin shinsearacha > Scileanna imscrúdaithe tíreolaíochta > Ag anailísiú (1 Item)

nithe a shórtáil agus a rangú de réir gnéithe inbhreathnaithe carraigeacha, púróga, láib i sampla ithreach

Lean ar aghaidh

6. B'fhéidir go mba mhaith liom roghnúcháin a dhéanamh ó Threoirlínte do Mhúinteoirí Daltaí faoi Míchumais Ghinearálta Foghlama (MGF). Len é sin a dhéanamh, déanaim an cnaipe **Treoirlínte MGF** a chliceáil. Taispeántar fuinneog nua ar an scáileán. Tagann na treoirlínte i láthair agus iad leagtha amach i dtrí chatagóir: éadrom, meánach agus trom go domhain. Tá orm catagóir amháin a roghnú anois le dul ar aghaidh le mo chuid pleanála. A luaithe is a chliceálaim ar chatagóir ar leith is féidir liom dul ar aghaidh agus mo chuid roghnúcháin pleanála a dhéanamh go díreach mar a rinne mé iad agus mé ag déanamh roghnúchán mar iad ó Churaclam na mBunscoileanna.
7. Agus mo chuid roghnúchán déanta agam, anois is mian liom mo phlean gearrthéarmach a dhéanamh. Déanaim an cnaipe **Plean Gearrthéarmach** a chliceáil ag bun ar dheis. Taispeántar fuinneog nua ar an scáileán ar a bhfuil réimse de theimpléid a bhaineann le pleanáil ghearrthéarmach. Roghnaím an ceann atá uaim. Tugtar an rogha dom freisin an t-eolas breise a chur le mo phlean.

Agus mo roghnúchán déanta agam, déanaim an cnaipe **Cuir isteach** a chliceáil. Ginfear na nótaí pleanála gearrthéarmacha mar dhoiciméad gur féidir liom a shábháil ar mo ríomhaire féin. Tá na nótaí pleanála réamhlíonta isteach leis na cuspóirí agus scileanna a roghnaigh mé. Anois is féidir liom pleanáil faoi na ceanteidil atá curtha ar fáil sa teimpléad. B'fhéidir nach mbeidh gach ceann de na ceanteidil seo de dhíth orm i gcónaí agus sa chás sin is féidir liom ceann ar bith nach bhfuil ag teastáil a scrios. Molann An Chlár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí go gcuirfidh múinteoirí nua-cháilithe na ceanteidil go léir san áireamh agus iad ag pleanáil.

**Pleananna fadtréimhseacha**

Lena chois sin, is féidir plean fadtréimhseach a ghiniúint ach na céimeanna thuas a leanúint. Dhá leagan atá ar fáil: ceann ina gheofar na snáitheanna agus na snáithaonaid amháin agus leagan ina gheofar na cuspóirí ábhair chomh maith.

**Cabhair bhreise**

Tá cabhair agus treoracha breise ar fáil ar an leathanach dar teideal CABHAIR.